


Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 21

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 21” ar CD an Dalta.

An t-ingear ó lár ciorcail go dtí an corda a fhiosrú.



1. Cén líne í corda an chiorcail?

1. Cad é tomhas na huillinne idir an corda agus an mhírlíne $|AE|$?

2. Cad a tharlaíonn don uillinn sin nuair a bhogann tú an pointe C?

3. Bog na pointí ar an gcomhad idirghníomhach, agus féach an aontaíonn tú go mbíonn an mhírlíne $|AE|$ ingearach leis an mírlíne $|CD|$ i gcónaí.

4. Cén fad atá sna mírlínte $|CE|$ agus $|ED|$? An bhuil siad cothrom lena chéile?

5. Bog an pointe C timpeall an chiorcail. An bhfeiceann tú gaol ar bith idir faid na mírlínte $|CE|$ agus $|ED|$? Cén gaol é?

6. Bog an pointe C suas os cionn an phointe A. An bhfuil faid na mírlínte $|CE|$ agus $|ED|$ fós mar a chéile?

7. Bog an pointe D suas os cionn an phointe A. An bhfuil faid na mírlínte $|CE|$ agus $|ED|$ fós mar a chéile?

8. Cad a tharlaíonn nuair a bhogtar an pointe A?

9. Cad atá suntasach faoin bpointe A?

10. Nuair a bhogann tú an pointe A ón áit a raibh sé ar dtús, cad a tharlaíonn don uillinn AED?

11. Agus an pointe A bogtha as an áit a raibh sé ar dtús, cad a tharlaíonn d'fhaid CE agus ED?

12. Mura raibh an uillinn AED cothrom le 90° , an mbeadh CE agus ED fós mar a chéile?
Mínigh do fhreagra.


13. Cad a bhíonn i gceist le déroinnteoir corda?

14. An aontaíonn tú go bhfuil AE ingearach le CD agus go ndéroinneann sé CD, beag beann ar shuíomh CD?


15. An fíor go ndéroinntear corda ar bith leis an ingear ón lár go dtí an corda sin? (*Leid, bhí tú in ann C a bhogadh agus corda ar bith den chiorcal a dhéanamh de CD.*)

Dúshláin

16. Faigh lár an chiorcail seo.



17. Dhá chorda chomhthreomhara iad CB agus DF, agus tá fad ingearach 1 cm idir na línte comhthreomhara. Faigh fad an chorda CB, más é 5 cm ga an chiorcail agus más é 8 cm fad an chorda DF.



18. Más cordaí ciorcail iad AB agus BC, tarraing an ciorcal a thadhlaíonn na pointí A, B agus C.

